CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN GCOIMISIÚN

an 28 Iúil 2023

maidir le foilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an t-iarratas ar chlárú an ainm 'Irish Grass Fed Beef' (TGFC) dá dtagraítear in Airteagal 49 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(2023/C 275/13)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 50(2)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, foilsíodh an t-iarratas a thíolaic Éire ar chlárú an ainm 'Irish Grass Fed Beef' mar Thásc Geografach faoi Chosaint in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]).

(2) An 21 Feabhra 2022, fuair an Coimisiún an fógra freasúra lena n-áirítear an ráiteas freasúra gaolmhar ón Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann). Measadh go raibh an freasúra inghlactha. Rinne Éire agus an Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann) comhairliúcháin iomchuí agus tháinig siad ar chomhaontú lena leasaítear go substaintiúil an doiciméad aonair.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, chuir Éire chuig an gCoimisiún na doiciméid agus an fhaisnéis a bhaineann leis an gcomhaontú ar thángthas air leis an Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann) sa nós imeachta freasúra a bhaineann leis an iarratas ar chlárú an ainm 'Irish Grass Fed Beef' mar thásc geografach faoi chosaint, lena n-áirítear an doiciméad aonair arna leasú go substaintiúil.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 50 agus 51(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, rinne an Coimisiún scrúdú ar an iarratas sin agus tháinig sé ar an gconclúid go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán sin.

(5) Chun go bhféadfar fógraí freasúra a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart an doiciméad aonair agus an tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge dá dtagraítear in Airteagal 50(2)(a) den Rialachán sin don ainm 'Irish Grass Fed Beef' a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

Déanfar an doiciméad aonair agus an tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge dá dtagraítear in Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 don ainm 'Irish Grass Fed Beef' (TGFC) (AE Uimh: PGI-IE+UK(NI)-02647 - 27.11.2020) a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

I gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, leis an bhfoilseachán dá dtagraítear sa chéad mhír den Airteagal, tabharfar an cead cur i gcoinne chlárú an ainm 'Irish Grass Fed Beef'.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) IO C 492, 8.12.2021, lch. 12.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

DOICIMÉAD AONAIR

'Irish Grass Fed Beef'

Uimh. AE: PGI-IE+UK(NI)-02647 – 27.11.2020

ATFC () TGFC (X)

1. **Ainm nó ainmneacha (ATFC nó TGFC)**

'Irish Grass Fed Beef'

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

Éire

An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann)

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. *Cineál táirge [a liostaítear in Iarscríbhinn XI]*

Aicme 1.1 Feoil (agus scairteach) úr

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is é 'Irish Grass Fed Beef ' an t-ainm a thugtar ar mhairteoil úr agus reoite ar an gcnámh agus gan chnámha, lena n-áirítear conablaigh, ceathrúna, gearrthacha ar an gcnámh, bunghearrthacha agus mairteoil mhionaithe de chuid na ngearrthacha sin, agus pacáistí miondíola.

Tá (i) leibhéil ísle saille (ii) dáileadh cothrom saille (mar mharmarú idirmhatánach); (iii) dath feola caordhearg; agus (iv) ardleibhéal uachtarúlacht/buí saille ag 'Irish Grass Fed Beef'. Tá feoil shaibhir, chasta, fhéarach, agus shúmhar aige le fíorbhlas mairteola agus tá boige inti.

Ní mór conablaigh a bheith ón dá chatagóir seo a leanas:

i. Daimh agus bodóga suas le 36 mhí d'aois a bhfuil cruth níos fearr orthu ná O- agus scór saille acu idir 2+ agus 4+;

ii. Ba mairteola suas le 120 mí d'aois a bhfuil cruth níos fearr ná O+ agus scór saille acu idir 2+ agus 5.

Tá na tréithe go léir maidir le dath feola caordearg agus maidir le dath saille uachtair/buí, agus na leibhéil saille seachtracha mar a thuairiscítear i 'Irish Grass Fed Beef' ó chatagóir (i.).

Tá saill bhuí níos suntasaí fós agus dath feola níos deirge ná mar atá i gcatagóir na ndamh agus na mbodóg ag 'Irish Grass Fed Beef' a thuairiscítear i gcatagóir (ii.). Tá meánleibhéil saille níos airde ná mar atá i gcatagóir (i.). Sainaithnítear conablaigh le pH ard (> 5.8) agus eisiatar iad.

.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Ní áirítear le 'Irish Grass Fed Beef' ach eallaí:

a) a fhaigheann 90 % dá gcothú ar a laghad ón bhféar. Is féar innilte go príomha é sin, agus is le féar caomhnaithe a dhéantar an cothú geimhridh.

b) a chaitheann 220 lá ar a laghad in aghaidh na bliana ar feadh a saolré ag innilt féaraigh. Gach bliain, a luaithe a fhágann na dálaí gur féidir sin, cuirtear eallaí 'Irish Grass Fed Beef' amach ar féarach agus caitheann siad suas le 10 mí, laethanta iomlána, ag innilt féir. De ghnáth, coinnítear eallaí faoi dhíon go déanach i mí na Samhna/go luath i mí na Nollag nuair nach n-éascaíonn aimsir agus dálaí talún fás gníomhach féir agus/nó innilt a thuilleadh. Ceadaítear lamháltas suas le 40 lá mar gheall ar imthosca maolaitheacha, arna sainmhíniú mar seo a leanas: i gcás ina gcuireann an aimsir, riocht na hithreach, dálaí comhshaoil eile nó cúinsí leasa ainmhithe bac ar thosca.

Ní thugtar Féar Caomhnaithe ach amháin le linn na tréimhse faoi dhíon ((*)145 lá ar a mhéid). Déanann gach táirgeoir measúnú ar cháilíocht chothaitheach an Fhéir Chaomhnaithe. Is féidir eallaí a chothú le foráiste nach féar é (e.g. Tuí; Biatas Farae; Arbhar Indiach; Gráin eile) agus beatha ainmhithe tiubhaithe ach tá sé seo teoranta do 10 % den chothú thar shaolré na n-ainmhithe. Ní úsáidtear an bheatha ainmhithe neamhfhéir sin ach amháin nuair is gá, e.g. agus ainmhithe á mbaint den diúl, le linn an gheimhridh, le linn eachtraí adhaimsire agus le linn na tréimhse bailchríochnaithe deiridh, ach amháin i gcás nach leor cáilíocht chothaitheach an fhéir/an fhoráiste féir chun an caighdeán itheacháin feola is fearr is féidir a áirithiú. Ní mór an féar caomhnaithe ar fad a bhuain sa limistéar geografach.

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór dóibh tarlú sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór eallaí a thabhairt chun saoil, a chothú ar fhéar, a bhailchríochnú, a mharú, a fhuarú agus a ghearradh ina gceathrúna laistigh den limistéar geografach.

An próiseas aibithe feola (3 lá ar a laghad nó i gcás gearrthacha monaraíochta speisialtachta, 2 lá) atá fíor-riachtanach chun cáilíocht itheacháin 'Irish Grass Fed Beef' a áirithiú, déantar é laistigh den limistéar geografach.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Táirgí a fhéadfar a lipéadú mar TGFC 'Irish Grass Fed Beef'

— Mairteoil úr agus reoite ar an gcnámh agus gan chnámha, lena n-áirítear conablaigh, ceathrúna, gearrthacha ar an gcnámh, bunghearrthacha gan chnámha, agus pacáistí miondíola, ó chatagóirí cáilitheacha eallaí mairteola.

— Mairteoil mhionaithe ina bhfuil 100 % mairteoil a fuarthas ó chatagóirí cáilitheacha eallaí mairteola agus ina bhfuil 90 % ar a laghad de mhairteoil thrua de réir measúnú súl.

— Táirgí mairteola mionaithe (e.g. Burgair) ina bhfuil 100 % mairteoil a fuarthas ó chatagóirí cáilitheacha eallaí mairteola agus ina bhfuil 90 % ar a laghad de mhairteoil thrua de réir measúnú súl.

Táirgí a fhéadfar a lipéadú 'a dhíorthaítear' ó TGFC 'Irish Grass Fed Beef'

— Táirgí ábhair chomhchodaigh ina bhfuil 100 % mairteoil a fuarthas ó chatagóirí cáilitheacha eallaí 'Irish Grass Fed Beef' agus ina bhfuil 90 % ar a laghad de mhairteoil thrua de réir measúnú súl.

— Scairteach den chaighdeán is airde (Leicne, Eireaball, Scairt Thiubh agus Teanga) a fuarthas ó chatagóirí cáilitheacha eallaí 'Irish Grass Fed Beef'.

4. Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach

Is é an ceantar geografach oileán na hÉireann ina bhfuil Éire agus Tuaisceart Éireann ([1]).

5. Nasc leis an limistéar geografach

Tá an nasc cúisíoch idir an táirge agus an ceantar ina dtáirgtear é bunaithe ar a cháilíocht itheacháin ard chomhsheasmhach arb é an toradh atá air dea-cháil sheanbhunaithe. Tá dea-cháil bunaithe ag 'Irish Grass Fed Beef' i measc tomhaltóirí, miondíoltóirí, cócairí, iriseoirí agus ceannairí tuairimíochta na hEorpa, dea-cháil atá bunaithe ar chóras táirgthe féaraigh agus foráiste atá in úsáid chun catagóirí cáilitheacha na n-ainmhithe mairteola a ardú agus a 'bhailchríochnú', arna phróiseáil de réir phrótacal docht, arb é an toradh atá air feoil a bhfuil cuma dhifreáilte amhairc uirthi agus cáilíocht itheacháin cháiliúil.

Sainiúlachtaí an limistéir gheografaigh: tosca nádúrtha agus saineolas teicniúil

Leis na céadta bliain tá aitheantas á thabhairt do spleáchas uathúil oileán na hÉireann ar thalmhaíocht fhéarbhunaithe, agus a acmhainneacht maidir le féar. Tá tógáil eallaigh aitheanta le fada mar chuid lárnach de gheilleagar na hÉireann.

(*) Féach Roinn 3.3 b freisin)

([1]) Áirítear i dtagairtí don 'oileán' oileáin bheaga na hÉireann agus Thuaisceart Éireann.

Bíonn aeráid mheasartha ag an limistéar geografach, bíonn an geimhreadh éadrom, agus is annamh a bhíonn sioc garg agus teochtaí arda sa samhradh. Le gaotha forleathana, taise aniar ó uiscí te Sruth na Murascaille, cinntítear go bhfuil aeráid shoiléir aigéanach ag an oileán le báisteach rialta (suas le 246 lá báistí in aghaidh na bliana) agus raon teochta bliantúil íseal (is annamh a bhíonn sé faoi bhun 0 °C nó níos airde ná 25 °C). Is féidir le féarthalamh na hÉireann cuid den táirgeacht luibhre neamhuiscithe is airde san Eoraip a tháirgeadh (12-16 t ábhar tirim (ÁT)/ha in aghaidh na bliana).

Tá difríocht idir tréad mairteola na hÉireann agus córais mairteola eile, ós rud é go ndéantar pórtha traidisiúnta (e.g Hereford, Angus agus Gearr-adharcadh) a thrasnú le pórtha déiríochta (le tréithe láidre máthartha) agus le pórtha mairteola Ilchríoch na hEorpa (e.g. Limousin, Charolais agus Simmental). An t-ainmhí crua, crosphóraithe atá mar thoradh air sin, tá sé in oiriúint go mór don bhailchríochnú ar dhálaí aeráide agus geografacha éagsúla an limistéir gheografaigh.

Le hoideachas talmhaíochta comhtháite agus tacaíocht láidir ar an bhfeirm, tugtar rochtain ar thaighde eolaíoch ceannródaíoch, rud a ligeann d'fheirmeoirí an buntáiste is mó is féidir a bhaint amach dá n-eallaí mairteola ón bhféarthalamh. Tá seirbhísí ar fáil do gach feirmeoir agus d'iontrálaithe nua san fheirmeoireacht. Is ionchur tábhachtach í an tacaíocht eolaíoch sin maidir le feabhas leanúnach a chur ar cháilíocht itheacháin 'Irish Grass Fed Beef'. Cé go ndírítear go príomha ar tháirgeadh mairteoil atá sainiúil ó thaobh amhairc agus blais de, cabhraíonn tionscnaimh tionscail le déanaí le táirgeoirí 'Irish Grass Fed Beef' díriú ar lorg carbóin a bhfiontar mairteola a laghdú.

Tá feirmeacha 'Irish Grass Fed Beef' lárnach do thírdhreach agus do phobail tuaithe na hÉireann. Go stairiúil, tá an struchtúr bunaithe ar ghabháltais feirme chónaitheacha bheaga agus mheánmhéide, gabháltais a thagann anuas ó ghlúin go glúin. Sa struchtúr sin, tá an t-ionad feirme suite go lárnach sna limistéir innilte agus foráiste le haghaidh an bheostoic, rud a fhágann gur féidir measúnú súl rialta a dhéanamh ar an mbeostoc ('buachailleacht') agus fócas leanúnach ar fholláine na n-ainmhithe, rud a chuireann go mór le cáilíocht itheacháin feola.

Go dtí an lá atá inniu ann, is gné aitheanta de thírdhreach na hÉireann é an leagan amach tuaithe sin. Cé nach le feirmeacha teaghlaigh amháin a bhaineann 'Irish Grass Fed Beef' agus nach bhfuil iontrálaithe nua as an áireamh, is féidir níos mó ná 99 % d'fheirmeacha a rangú mar 'fheirmeacha teaghlaigh' ([2]) , ([3]). Mar sin féin, dianoibríochtaí beatha lena n-úsáidtear modhanna feirmeoireachta tionsclaíocha, gan fhianaise ar fhéarach de chineál teaghlaigh ná ar chleachtais fhéarchothaithe, níl siad incháilithe chun 'Irish Grass Fed Beef' a tháirgeadh.

Tá córas traidisiúnta táirgthe mairteola bunaithe ar eallaí a thógáil ar fhéarach fairsing fós ar fheirmeacha 'Irish Grass Fed Beef'. Léirítear sna sonraí gur mó ná 3,000 méadar cearnach an mheán-infhaighteacht talún in aghaidh an ainmhí. Tá an córas feirmeoireachta díorthaithe ó thréada a forbraíodh agus tugadh scileanna maidir leis an stoc anuas ó ghlúin go glún. Leis an bpróiseas sin, caomhnaíodh an t-eolas agus an taithí ar tháirgeadh mairteola, nithe a n-imríonn dálaí geografacha agus aeráide chomh maith le riachtanais maidir le leas na n-ainmhithe tionchar orthu. Mairteoil atá bunaithe ar fhéarach, samhlaítear í go hidirnáisiúnta le leas ainmhithe níos fearr, le níos lú struis agus le sláinte ainmhithe níos fearr.

Thairis sin, is ón limistéar geografach a thagann féar innilte agus gach foráiste geimhridh féarbhunaithe.

I gcórais táirgeachta 'Irish Grass Fed Beef', tugtar tús áite do na nithe seo a leanas:

— an méadú meáchain is fearr is féidir ó fhéar innilte,

— buaint féar samhraidh barrachais ag an gcéim fáis is fearr (mí na Bealtaine, mí an Mheithimh) chun beatha gheimhridh ardchaighdeáin a tháirgeadh, lena

— n-uasmhéadaítear Díleáiteacht Ábhair Thirim an fhéir chaomhnaithe sin. Tá sé sin fíor-riachtanach chun a áirithiú gur féidir le sadhlas féir formhór mór riachtanais chothaitheacha gheimhridh na n-ainmhithe a sholáthar.

Deimhníodh i staidéir a rinneadh le déanaí go bhfuil tiúchan níos airde de mhianraí agus vitimíní tairbheacha ag 'Irish Grass Fed Beef', lena n-áirítear: Cailciam, Mangainéis, Iarann, Sinc, Seiléiniam, Sóidiam, Maignéisiam, Potaisiam, Fosfar agus Vitimín E ná córais bheatha ar bheagán féir nó córais nach bhfuil féar iontu.

([2]) In Éirinn, i Suirbhé Struchtúr Feirme 2016 a d'fhoilsigh Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann, rinneadh 99.6 % d'Fheirmeacha Éireannacha a rangú mar 'Fheirmeacha teaghlaigh'. Oibrítear feirmeacha teaghlaigh mar fhiontair teaghlach-bhunaithe (lena n-áirítear aon fheirm atá cláraithe mar ghnóthas tráchtála). (Tag. an Phríomh-Oifig Staidrimh). Ní mór cleachtais bunaithe ar fhéarach de chineál feirme teaghlaigh agus cleachtais fhéarchothaithe a bheith soiléir chun críocha TGFC

([3]) I dTuaisceart Éireann, léiríodh i Suirbhéireacht an Aontais ar Struchtúr Feirme 2016 gur gnólachtaí atá á reáchtáil ag teaghlaigh go príomha iad feirmeacha, agus gur áititheoirí feirme, céilí agus baill teaghlaigh eile iad 99 % de bhainisteoirí feirme.

Sonraíocht an Táirge

Léiríonn na naisc idir an talamh, daoine agus ainmhithe an tábhacht a bhaineann le haoireacht, leis an bhfeirm theaghlaigh bheag, saineolas teicniúil áitiúil agus bainistiú féarthailte ag feirmeoirí 'Irish Grass Fed Beef' agus tugann siad na sainiúlachtaí seo a leanas don fheoil.

Fuarthas amach go bhfuil airíonna cothaitheacha ar leith ag 'Irish Grass Fed Beef' a dhéanann idirdhealú idir iad agus córais bheatha ar bheagán féir nó córais neamhfhéir: Tá próifíl níos ísle aigéad sailleach sáithithe ag 'Irish Grass Fed Beef' agus leibhéil níos airde óimige 3 ná mairteoil a chothaítear ó chórais bheatha ar bheagán féir nó córais neamhfhéir. Fuarthas amach sa taighde freisin go gcuirtear blas féir ar leith ar mhairteoil féarchothaithe mar gheall ar na difríochtaí in ábhar aigéid shailligh agus go dtugtar cáilíochtaí cócaireachta ar leith di, amhail fo-nótaí níos casta, 'ar bhlas cnónna'.

Tá an dá chatagóir 'Irish Grass Fed Beef' éagsúil de réir amhairc i dtéarmaí dath na feola agus na saille de ná mairteoil a tháirgtear i gcórais bheatha ar bheagán féir nó córais neamhfhéir.

Fuarthas amach i staidéar a rinneadh le déanaí go bhfuil saill fhochraicneach eallaí 'Irish Grass Fed Beef' thart ar 63 % níos buí ná saill na n-ainmhithe a chothaítear le tiúchán arbhair. Is féidir an buí níos airde sin a bheith bainteach le leibhéil is airde caraitéanóideach (e.g. béite-charaitéine agus lúitéin) san fhéarach ón limistéar geografach ná mar a fhaightear i dtiúcháin arbhair.

Tá dath na matán in 'Irish Grass Fed Beef' níos dorcha (dearg níos doimhne) de réir tuairisce ná dath na n-ainmnithe a chothaítear le tiúcháin arbhair.

An blas atá saibhir, casta, féarach agus súmhar agus na hairíonna atá ag 'Irish Grass Fed Beef', is toradh iad ar an gcóras innilte traidisiúnta féaraigh lasmuigh, den chuid is mó, ina gcaitheann ainmhithe os cionn 220 lá in aghaidh na bliana ([4]) ag innilt féaraigh agus ina gcaitheann siad os cionn 90 % dá n-aiste bia mar fhéar ón limistéar geografach.

Tá boige feola (uigeacht) ar cheann de na tréithe orgánaileipteacha is tábhachtaí a mbíonn tionchar acu ar inghlacthacht táirgí feola ag tomhaltóirí agus ar a shásta a bhíonn siad iad á n-ithe. Baintear amach an bhoige ard a bhaineann le 'Irish Grass Fed Beef' toisc go ndéanann feirmeoirí agus próiseálaithe na hÉireann treoirphlean beacht a leanúint go cúramach agus láimhseáil réamh-mharaithe beostoc agus fuarú agus aibiú conablach agus gearrthach tar éis seamlais á ndéanamh acu. Leis an treoirphlean sin, ceadaítear don phróiseas aibithe/dianscaoileadh snáithíní tarlú go nádúrtha, rud a fhágann go bhfuil an-bhoige agus blasanna nádúrtha na mairteola san fheoil. Baintear sin amach freisin a bhuí le teicneolaíocht feola cruthaithe agus le próiseas aibithe rialaithe lena bhfeabhsaítear boige agus lena ruaigtear an riosca go ndéantar na conablaigh a fhuarú go tapa. Sainaithnítear conablaigh le pH ard (> 5.8) agus eisiatar iad.

Nasc cúisíoch: Cáil

Na naisc idir an talamh, na daoine, agus na hainmhithe, mar aon leis na tosca daonna a bhaineann le haoireacht thraidisiúnta an réigiúin, le córas feirmeoireachta na hÉireann agus leis na teicnící bainistithe féarthailte a bhíonn á gcleachtadh ag feirmeoirí 'Irish Grass Fed Beef', sin na rudaí a chruthaíonn 'Irish Grass Fed Beef'.

Is éard is toradh air sin mairteoil dhifreáilte bhog atá ar ardchaighdeán, mairteoil a bhfuil cuma, blas agus próifíl chothaitheach uathúil ag baint léi. Tá na hairíonna sin an-luachmhar do thomhaltóirí, do chócairí, agus do cheannaitheoirí bia.

Tá dhá phríomh-mhargadh ar leith bunaithe ag 'Irish Grass Fed Beef', bunaithe ar dhifríochtaí agus ar thosaíochtaí cócaireachta réigiúnacha áirithe:

i. Tá éileamh ar 'Irish Grass Fed Beef' ó dhaimh agus ó bhodóga i margaí éagsúla lena n-áirítear san Ísiltír, sa Ghearmáin, sa Bheilg agus i Lucsamburg; tá sé ar na margaí sin ar phraghsanna arda.

ii. Is é 'Irish Grass Fed Beef' ó bha cáilitheacha an rogha mairteola is fearr i gceantair na hEorpa ina mbíonn dúil ag daoine i mairteoil a bhfuil an-bhlas uirthi, blas atá níos saibhre, ó ainmhithe aibí (e.g. an Fhrainc agus Tuaisceart na Spáinne). Tá an margadh nideoige sin tar éis méadú go mór le déanaí, mar is léir ón treocht ard cócaireachta i dtreo mairteola 'aibí' (e.g. Gailísis) i measc phríomhchócairí na hEorpa.

Deimhnítear i dtaighde tomhaltóirí na difríochtaí soiléire de réir measúnú súl, blais agus comhdhéanaimh idir 'Irish Grass Fed Beef' agus mairteoil ó chórais beatha ar bheagán féir nó córais neamhfhéir. Rinneadh tástálacha blais in 2011 i dtrí mhargadh Eorpacha (an Ghearmáin, an Ísiltír agus an Iodáil) chun tuiscint na dtomhaltóirí ar cháilíocht itheacháin 'Irish Grass Fed Beef' a fháil amach, agus rinneadh í a mheas i gcoinne iomaitheoirí. Ar fud na dtrí mhargadh, bhí scór níos airde ag 'Irish Grass Fed Beef' i dtaca le déine an bhlais, leis an uigeacht, agus le cothromaíocht an chlúdaigh saille/marmaraithe san fheoil.

([4]) Féach Roinn 3.3 b freisin).

Cuireann gairmithe éagsúla síos ar 'Irish Grass Fed Beef' mar mhairteoil a bhfuil cáilíocht dhifreáilte agus shonrach itheacháin inti, chomh maith leis an méid seo a leanas:

— 'blas saibhir'

— 'súmhar'

— 'ar chuid den mhairteoil is blasta ar domhan'.

Is maith leo an bhoige freisin:

— 'chuaigh cáilíocht (agus) boige na feola seo i bhfeidhm orm'

— 'tá an fheoil an-bhog'

Sa Chatagóir Féarchothaithe, bhuaigh stéigeanna na hÉireann níos mó bonn ná mar a bhuaigh aon tír eile in *World Steak Challenge* [Dúshlán Stéige an Domhain] na mblianta 2018 agus 2019. In 2019, rinne painéal saineolaithe maidir le blaiseadh measúnú ar stéig ó 25 thír, agus bhuaigh stéigeacha barrluain, súile easnacha agus filléad 'Irish Grass Fed Beef' 83 bhonn, curiarracht líon is mó ná aon tír eile a bhí san iomaíocht, lena n-áirítear an Filléad is Fearr ar Domhan. Buadh 85 bhonn sa bhreis air sin i nDúshlán Stéige an Domhain na bliana 2021, agus 52 bhonn díobh sin ina mboinn óir.

'Ardmharmarú ó mhairteoil féarchothaithe - Ar fheabhas.' 'Boige agus lán blais, blas mar a bheadh cnónna éadroma ann, snáithíní gearra, aigéadacht íseal, an-súmhar - Go bhfóire Dia orainn'. Tráchtanna na moltóirí maidir le 'Irish Grass Fed Beef' faoi Chomórtas na Stéige is Fearr ar Domhan' a bhaint, BEEF Magazine, 2009.

Tá 'Irish Grass Fed Beef' le feiceáil in go leor bialanna ceannródaíocha ar fud an domhain. Tá os cionn 100 cócaire rannpháirteach in *Chefs Irish Beef Club* [Cumann Cócairí um Mairteoil na hÉireann] agus tá naoi gcraobh san Eoraip agus go hidirnáisiúnta a roghnaigh 'Irish Grass Fed Beef' mar a rogha mairteola. Ag cruinniú Idirnáisiúnta de chuid chócairí an Chumainn Cócairí um Mairteoil na hÉireann agus buaiteoirí Bocuse d'Or (mí an Mheitheamh 2013), fuair 'Irish Grass Fed Beef' moladh go leor, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

— Mario Corti, Cócaire, an Ghearmáin: 'Is maith liom an mhairteoil féarchothaithe agus, i mo bharúil féin, is é mairteoil féarchothaithe na hÉireann an mhairteoil is fearr dá bhfuil ar fáil...'

— Jean-Paul Jeunet, Cócaire: 'Is mian liomsa an rogha is fearr a chur ar fáil do mo chuid aíonna agus in Éirinn tá an féar agus tá an aeráid agus tá na heallaí taobh amuigh ó thús deiridh na bliana - tá sé an-suimiúil.'

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://assets.gov.ie/202726/824a7d14-f441-4bf4-95d1-6b33a55af041.pdf